



SPÓRT
ÉIREANN
FRITHDHÓPÁIL

SPORT
IRELAND
ANTI-DOPING

Athbhreithniú Bliantúil 2021

2021

Buaicphointí an Chláir




39

An líon pearsan bailiúcháin samplaí a athchreidiúnaíodh



11,821

An líon cuardach ar shuíomh Gréasáin Eirpharm



1,354

An líon samplaí a bailíodh

267

An líon samplaí a cuireadh isteach i stóráil fhadtéarmach

11

An líon Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach a ceadaíodh



3,300+

An líon daoine a chuir an cúrsa ríomhfhoghlama frithdhópála i gcrích



Clár Ábhar

Brollach	4
Réamhrá	6
Faisnéis Chúlra	8
Oideachas	12
An Clár Náisiúnta Tástála	14
Cluichí Thóiceo 2020	18
Eolaíocht	20
Cógais agus TUEanna	22
Oibríochtaí an Aonaid Frithdhópála	25
Aguisíní	27

Brollach

Fearacht na bliana roimpi, ba bhliain a gcuimhneofaí uirthi go ceann tamall fada í an bhliain 2021.

Agus tionchar phaindéim Covid-19 ag géarú ar feadh tréimhsí fada, d'fhág tabhairt isteach na vacsaíní agus na maoluithe éagsúla a deonaíodh don spórt go raibh againn a lán imeachtaí spóirt a rabhamar in ann ár n-aighe a dhíriú orthu agus ár gcroí a chur isteach iontu.

Tharraing Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha a bhí an-uathúil ar fad aird mhuintir na tíre de bharr fheidhmíocht iontach ár lúthchleasaithe uile i dTóiceo. Ina theannta sin, lean Éire le feabhas a chur ar an gclú atá uirthi ar fud an domhain mar náisiún spóirt a fheidhmíonn go sármhaith ag imeachtaí intíre, idirnáisiúnta, Eorpacha agus Domhanda.

Ba dheas gur admhaigh an Rialtas an athuair a thábhachtaí atá an troid in aghaidh na dópála sa spórt trí leanúint le gníomhaíocht frithdhópála a shainiú mar ghníomhaíocht 'bhunriachtanach'. Lean ár bpearsana bailiúcháin samplaí frithdhópála lena n-obair thábhachtach ar fud na bliana in imthosca deacra agus is ceart aitheantas a thabhairt dóibh as an dúthracht sin.

Ar ndóigh, ós rud é gur bhliain Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha í, ach iad mall, bhí méadú suntasach ann sa líon samplaí fola agus fuail a bailíodh. Is ionann 1,354 shampla agus méadú 30% ar an bhfigiúr sa bhliain 2020.

Chuipe sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill uile d'Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann as an iarracht iontach a chuireann siad isteach, ag obair dóibh i ndálaí an-difriúil chun ionracas an spóirt a chosaint in Éirinn.

Leanann Spórt Éireann le béim a leagan ar thábhacht an oideachais mar phríomhbhac ar an dópáil sa spórt. Léirítear tábhacht an oideachais frithdhópála sa líon ard daoine a chuireann Cúrsa Ríomhfhoghlama Frithdhópála Spóirt Éireann i gcrích gach bliain. Chuir níos mó ná 3,300 úsáideoir an Cúrsa Ríomhfhoghlama Frithdhópála i gcrích sa bhliain 2021. Is ionann an figiúr sin agus laghdú 34% ar an bhfigiúr sa bhliain roimhe. Is féidir an laghdú sin a chur síos don líon ard lúthchleasaithe agus pearsan tacaíochta do lúthchleasaithe a chuir an ríomhfhoghlaim frithdhópála éigeantach i gcrích sa cheathrú ráithe den bhliain 2020 mar ullmhúchán do Chluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo. Léirítear sna figiúirí sin an athuair an tábhacht a bhaineann le ról an oideachais frithdhópála sa troid in aghaidh na dópála a spórt.

Go deimhin, is amhlaidh, anuas ar na hoibleagáidí uile a bhain le tástáil a dhéanamh le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha a chomhlíonadh, a leag Spórt Éireann díriú láidir ar chultúr oideachais a chothú, lena n-áirítear an Caighdeán Idirnáisiúnta nua le haghaidh an Oideachais ón nGníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (WADA) a chur chun feidhme sa chlár oideachais a bhí cuimsitheach cheana féin.

Is príomh-chomhpháirteanna d'obair Spórt Éireann i réimse na frithdhópála fós iad réimse na heolaíochta agus réimse na n-imscrúduithe. Rinneadh ionadaíocht do Spórt Éireann ar phainéal saineolaithe ar roghnaigh WADA é agus a chabhraigh le forbairt a dhéanamh ar threoirínte le haghaidh Faisnéise agus Imscrúduithe, ar Thuairisceoir Róil le haghaidh Cleachtóirí Faisnéise agus Imscrúduithe, agus ar chúrsa oiliúna d'Oifigigh Faisnéise agus Imscrúduithe agus do Bhainisteoirí Faisnéise agus Imscrúduithe.

Is é atá i bpáirt a bheith ag Éirinn i bpainéil den sórt sin ná rud atá tábhachtach dúinn mar náisiún atá tiomanta do chlár oibre an spóirt ghlain. Is léiriú é freisin ar an meas atá ag ár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta ar an gcóras atá i bhfeidhm ag Éirinn.

Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe sin, tá comhpháirtíocht agus comhoibriú ar thús cadhnaíochta na hoibre frithdhópála ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon fós. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnaimh a fuarthas ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus ó Chumann Cógaiseoirí na hÉireann ina leith sin.

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste Frithdhópála, tá sé de phribhléid agam obair lena lán saineolaithe tiomanta a thugann a gcuid ama luachmhair chun tacú le clár oibre an spóirt ghlain. Bhog ceathrar de na daoine sin ar aghaidh óna ról ar Choiste Frithdhópála Spóirt Éireann ag deireadh na bliana 2021.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Dr Bill Cuddihy, don Ollamh Pat Guiry, do Wendy Henderson Uas. agus do Ruth Wood-Martin Uas. agus buíochas ó chroí a ghabháil leo as a seirbhís sa troid in aghaidh na dópála sa spóirt.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Painéal Araíonachta Frithdhópála Spóirt na hÉireann, atá faoi chathaoirleacht ag Michael Collins SC, as a chuid oibre le linn na bliana 2021. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Oll. Sean Gaine agus leis na comhaltaí eile den Choiste um Dhiolúintí ar mhaith le hÚsáid Theiripeach as an rannchuidiú a rinne siad.

Mar fhocal scoir, ba mhaith leis an gCoiste Frithdhópála buíochas a ghabháil le John Treacy, iar-Phríomhfheidhmeannach Spóirt Éireann, as a thacaíocht leantach ar fud na bliana. Tá John ag tacú go láidir leis an obair frithdhópála in Éirinn agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon le fada an lá.



Roger O'Connor

Chairperson, Anti-Doping Committee

Réamhrá

Tá áthas orainn an dóú hathbhreithniú bliantúil is fiche ar Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann a chur i láthair, rud ina gcumhdaítear an bhliain 2021.

Tugtar san athbhreithniú seo mionsonraí cuimsitheacha faoi ghníomhaíochtaí Chlár Frithdhópála na hÉireann sa bhliain 2021, lena n-áirítear costas airgeadais an chlár. Bhí costas €1,856,151 ag baint leis an gclár sa bhliain 2021, agus 1,354 cinn de thástálacha fola agus fuail déanta in Éirinn agus thar lear.

Sa bhliain 2021, lean Spóirt Éireann ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le comhghleacaithe san Údarás Rialála Táirgí Sláinte, sna Custaim, sa Gharda Síochána agus i gCumann Cógaiseoirí na hÉireann ó thaobh an fhaireacháin agus na faisnéise de. Maidir leis an dea-chaidreamh oibre a forbraíodh leis na gníomhaireachtaí sin, tá tionchar inláimhsithe á imirt aige ar ár gcuid oibre tástála agus faireachais, agus táimid ag súil le leanúint leis an gcaidreamh sin de réir mar a théimid isteach sa bhliain 2022.

Mar eagraíocht, leanann Spóirt Éireann le glacadh leis an nuálaíocht ar fud gach réimse den eagraíocht. Ní eisceacht atá i réimse na Frithdhópála de réir mar a fhéachaimid le feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí ar fud ár gcuid oibre. Cuirfear an t-aistriú chuig nósanna imeachta tástála gan pháipéar i bhfeidhm sa bhliain 2022, agus an teicneolaíocht ag comhlíonadh ról lárnach sa chlár oideachais anois.

Tiocfaidh athruithe ar liosta substaintí coiscthe WADA chun cinn freisin sa bhliain 2022, go háirithe Glúcacortacóidigh a chur leis an liosta substaintí coiscthe laistigh de chomórtas. Leanfaidh Spóirt Éireann le béim a leagan ar na hathruithe sin agus ar athruithe eile trí idirchaidreamh a dhéanamh leis an

bpobal agus trí fheasacht an phobail a mhéadú.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, lean Spóirt Éireann le hidirchaidreamh a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta chun obair ar son athchóiriú an chórais frithdhópála idirnáisiúnta.

Chuir Spóirt Éireann go glórach in aghaidh an chinnidh a rinne an Chúirt Eadrána Spóirt ag deireadh na bliana 2020 go maolófaí na smachtbhannaí ar ghearr WADA iad ar an Rúis, cé gur smachtbhannaí laga iad cheana féin. Ag teacht sna sála air sin, bhí lúthchleasaithe Rúiseacha san iomaíocht i dTóiceo, agus dathanna Rúiseacha orthu agus iad ag dul san iomaíocht faoi Choiste Oilimpeach na Rúise. Níorbh ag teacht leis an ngníomh a bhí an pionós a gearradh as an scannal is mó riamh sa spóirt idirnáisiúnta.

Cé nár chinneadh ceangailteach é an cinneadh ón gCúirt Eadrána Spóirt, níor chuir sé sin stop le Spóirt Éireann agus le hEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála a bhfuil an dearcadh céanna acu, agus an feachtas ar son an athchóirithe ag dul ar aghaidh ar luas tapa. Bhíomar, agus táimid fós, den tuairim dhaingean go bhfuil sé ríthábhachtach gur neamhspleách agus faoi stiúir ag saineolaithe a bheadh Coiste Feidhmiúcháin agus Coiste Stiúrtha WADA. Tá dhá thoradh ar leith air sin. Ar an gcéad dul síos, cuirfear deireadh le haon choimbhleacht leasa atá ann cheana. Mar atá an scéal faoi láthair, tá tionchar rómhór ag eagraithe mórimeachtaí spóirt ar rialachas na heagraíochta.

Ón mbliain 2016 i leith, táimid ag déanamh uirill chomhsheasmhacha thar ceann lúthchleasaithe glana chun go gcloisfear a dtuairimí agus táimid ag iarraidh go comhsheasmhach go gcuirfí deireadh le coimbhleachtaí leasa i rialachas WADA. Ar an dara dul síos, cinnteofar go mbeidh saineolaithe agus daoine

a bhfuil taithí acu ina suí timpeall an tábla, agus na cinní is fearr is féidir á ndéanamh acu. Teastaíonn an beart sin chun an eagraíocht a thabhairt isteach i ré nua-aimseartha an rialachais chorparáidigh. Bíonn Spórt Éireann ar fáil fós chun cabhair a thabhairt do WADA nuair is féidir linn chun a chinntiú go dtarlóidh sé sin.

Baineann ríthábhacht le comhoibriú le comhghleacaithe idirnáisiúnta. De bharr an laghdaithe sna srianta a bhaineann le Covid-19, tapóidh Spórt Éireann an deis freastal ar imeachtaí idirnáisiúnta sa bhliain 2022, e.g., Fóram Spóirt Ghlain in Birmingham, idirchaidreamh leantach le Comhairle na hEorpa, comhdhálacha Eolaíochta agus Oideachais WADA, etc.


Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár lúthchleasaithe as a gcomhar leantach iomlán ar fud na bliana 2021. Is inmholta atá an bealach ina bhfuil lúthchleasaithe Éireannacha ag glacadh fós le héiteas an spóirt ghlain. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis na lúthchleasaithe sin a leanann le gníomhú mar thathantóirí agus mar ambasadóirí do na cláir leanúnacha um thástáil, cosc agus oideachas. Ós rud é nach dtástáiltear iad ag am feiliúnach i gcónaí, is inmholta atá an bealach gairmiúil inar iompair ár lúthchleasaithe iad féin agus inar chloígh siad leis na prótacail nuair a fuair siad an glaoch.

Ba mhaith le Spórt Éireann aitheantas a thabhairt don tsársheirbhís a sholáthair an tAonad Frithdhópála sa bhliain 2021. Ní hé amháin gur sholáthair Siobhán Leonard agus an fhoireann Frithdhópála cur chuige nuálach oiriúnaitheach i leith an chlár láidir tástála, ach lean siad freisin le hobair i ndlúthchomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun an tábhacht a bhaineann leis an spórt glan a chur in iúl.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na daoine aonair éirimiúla a sholáthraíonn seirbhís dhílis don Choiste Frithdhópála. Is mór ag Clár Frithdhópála na hÉireann an obair chrua a chuireann siad isteach agus an dóigh a bhféachann siad de shíor le hionracas spóirt a bhaint amach.



Kieran Mulvey
Chairman



Una May
Chief Executive



Faisnéis Chúlra

Físeanna an Chláir

Tástáil

Clár tástála atá éifeachtach agus cáilíochtbhunaithe a sholáthar.

Oideachas

Forbairt agus soláthar clár oideachais ar ardchaighdeán a éascú do na mór-gheallsealbhóirí uile.

Taighde

Clár fadtéarmach taighde a bhunú, rud lena gcomhlánaítear an taighde frithdhópála a dhéantar ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus lena gcuirtear an taighde sin ar aghaidh.

Idirnáisiúnta

Coinneáil ar an eolas faoin deachleachtas idirnáisiúnta agus comhoibriú le tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha.

Riarachán

Caighdeáin cháilíochta a fhorbairt agus a chothabháil chun nósanna imeachta riaracháin atá cuí agus trédhearcach a chinntiú.



An cúlra atá le Clár Frithdhópála Spóirt na hÉireann

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna atá ag Spóirt Éireann i réimse na frithdhópála faoin Acht um Spóirt Éireann (2015):

- caighdeáin dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spóirt a éascú trí threoirlínte agus cóid chleachtais a fhógairt;
- tabhairt faoi cibé gníomhaíocht a mheasfaidh Spóirt Éireann a bheith cuí, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spóirt a chomhrac;
- pleanáil, cur chun feidhme, meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chlár oideachais agus faisnéise chun dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spóirt a éascú;
- ina cháil mar eagraíocht náisiúnta frithdhópála sa Stát, bailiú samplaí a ordú, bainistiú a dhéanamh ar thástáil samplaí agus ar thorthaí tástála, agus freastal ar éisteachtaí, de réir mar is gá;

Fianaise ar an mórthosaíocht a thugtar d'obair frithdhópála Spóirt Éireann is ea go bpléitear go hiomlán in alt 4 den Acht leis an gclár frithdhópála a neartú. Ainmníodh Spóirt Éireann go soiléir mar Eagraíocht Náisiúnta Frithdhópála in Éirinn agus cumhdaíodh Rialacha Frithdhópála na hÉireann sa reachtaíocht sin freisin. Chomh maith leis sin, cuireadh leis na cumhachtaí atá aige chun sonraí a chomhroinnt le príomhúdaráis rialála stáit agus le hEagraíochtaí Frithdhópála cuí eile.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún UNESCO in aghaidh Dópála sa Spóirt freisin, rud lena gceanglaítear ar an rialtas cur chun feidhme a dhéanamh ar Chlár Náisiúnta Iánfheidhmiúil Frithdhópála lena gcomhlíontar na hairteagail ábhartha uile atá sa Chód Domhanda Frithdhópála. Tá an Cód Domhanda Frithdhópála fós ar an mbunchloch don troid dhomhanda in aghaidh na dópála sa spóirt. In Éirinn, léirítear an cód sin i Rialacha Frithdhópála na hÉireann, ar tríothu a chuirtear é chun feidhme ina dhiaidh sin.

Rinne Éire Coinbhinsiún Frithdhópála Chomhairle na hEorpa a dhaingniú go foirmiúil sa bhliain 2003. Leis an gCoinbhinsiún, leagtar rialacha ceangailteacha síos d'fhonn rialacháin frithdhópála a chomhchuíbhiú, go háirithe ar na bealaí seo a leanas: é a dhéanamh níos deacra substaintí coiscthe amhail stéaróidigh anabalacha a fháil agus a úsáid; cabhrú le tástálacha frithdhópála a chistiú; nasc a bhunú idir rialacha frithdhópála a chur i bhfeidhm go docht agus fóirdheontais a dhámhachtain d'eagraíochtaí spóirt agus d'fhir spóirt nó mná spóirt aonair; agus nósanna imeachta rialaithe dópála a chur i gcrích go rialta le linn comórtas agus lasmuigh díobh araon, lena n-áirítear i dtíortha eile.

Coiste Frithdhópála Spórt Éireann

Tá Coiste Frithdhópála Spórt Éireann ina choiste comhairleach do Bhord Spórt Éireann. Soláthraíonn gach comhalta saintreoír don Aonad Frithdhópála agus úsáideann siad an saineolas atá acu ar réimsí éagsúla chun tacú lena chuid oibre.

Tháinig an Coiste le chéile trí huair le linn na bliana 2021. Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste:

An tUas. Roger O'Connor
Cathaoirleach Eatramhach, Comhalta de Bhord Spórt Éireann

An tOll. Brendan Buckley
Iar-Phríomhoifigeach Leighis, ICON

An Dr Bill Cuddihy
Iar-Oifigeach Leighis, Lúthchleasaíocht Éireann

An Dr Elaine Breslin
Bainisteoir Measúnaithe Chliniciúil, HPRA

An tOll. Patrick Guiry
Cógaiseoir, UCD

Wendy Henderson Uas.
Oifigeach Oideachais Frithdhópála,
Spórt Thuaisceart Éireann

An tUas. Patrick O'Connor
Comhalta de Bhord Spórt Éireann

Ruth Wood-Martin Uas.
Cothaitheach Feidhmíochta, IRFU

An tUas. David Gillick
Lúthchleasaí

An tUas. Roger O'Connor
Comhalta de Bhord Spórt Éireann

Rúnaíocht: An Dr Úna May,
Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice, Spórt Éireann

Painéal Araíonachta Frithdhópála Spórt na hÉireann

Tá Painéal Araíonachta Frithdhópála Spórt na hÉireann ina phainéal saineolaithe atá ar fáil chun éisteacht nó cinneadh a dhéanamh ar chás nó achomharc a eascraíonn as rialacha Frithdhópála na hÉireann. Tá sé de chumhacht ag an bPainéal a chinneadh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar rialacha frithdhópála agus, i gcás gur cinneadh go ndearnadh sárú orthu, tá sé de chumhacht aige cinneadh a dhéanamh ar na hiarmhairtí atá le forchur de bhun na Rialacha.

Is iad seo a leanas na daoine a d'fhóin mar chomhaltaí de Phainéal Araíonachta Frithdhópála Spórt na hÉireann le linn na bliana 2021:

Michael Collins Cathaoirleach

Helen Kilroy Leas-Chatthaoirleach

Adrian Colton Leas-Chatthaoirleach

Hugh O'Neill Leas-Chatthaoirleach

An Breitheamh Fidelma Macken Leas-Chatthaoirleach

Warren Deutrom Ionadaí Riaracháin

Liz Howard Ionadaí Riaracháin

Bill O'Hara Ionadaí Riaracháin

Philip Browne Ionadaí Riaracháin

Mary O'Flynn Flannery Ionadaí Leighis

Colm O'Moráin Ionadaí Leighis

Pat O'Neill Ionadaí Leighis

Denis Cusack Ionadaí Leighis

Rachel Cullivan-Elliott Ionadaí Leighis

An Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach

Ar aon dul leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta le haghaidh Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach ar eisigh an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil é, déanann Coiste Spórt Éireann um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUE) breithniú ar iarratais ar TUE do lúthchleasaithe Éireannacha.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach:

An tOll. Sean Gaine, (Cathaoirleach)
Galair Riospráide

An Dr James Gibney, Inchríneolaíocht

An tOll. Stephen Lane, Galair Riospráide

An Dr Philip Murphy, Haemaiteolaíocht

An Dr Sinéad Harney, Réamaiteolaíocht

An Dr Catherine McGorrian, Cairdeolaí

An tUas. Séamus Morris, Ortaipéidic

Pearsanra

An Dr Úna May
Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice sa Spórt

Siobhán Leonard Uas.
Stiúrthóir Frithdhópála agus Eitice

Melissa Morgan Uas.
Bainisteoir Tástála agus Cáilíochta (ar shaoire mháithreachais)

An tUas. Michael McNulty (Cumhdach Máithreachais)
Feidhmeannach Frithdhópála (Bainisteoir Tástála agus Cáilíochta, Márta – Nollaig)

An tUas. Paul O'Donovan
Bainisteoir Oideachais agus Luachanna

An tUas. Gerard Nowlan
Oifigeach Eolaíochta

Janine Merriman Uas.
Feidhmeannach Frithdhópála

An tUas. Michael Heffernan (Páirtaimseartha)
Oifigeach Faisnéise agus Imscrúduithe

Ann-Marie McDonnell Uas.
Feidhmeannach Frithdhópála (Bealtaine – Nollaig)

Sonraí Teagmhála

Spórt Éireann,
An Clós Cúirte,
Campas Spórt Éireann,
Bóthar Snugborough,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15,
D15 PN0N,
Éire.

Fón: +353-1-860 8800

Suíomh Gréasáin: [www.sportireland.ie/
antidoping](http://www.sportireland.ie/antidoping)

Ríomhphost: antidoping@sportireland.ie



Oideachas

Ceann amháin de bhunphrionsabail aon chláir frithdhópála is ea a chinntiú gur tríd an oideachas, agus ní trí rialú dópála, ba cheart do lúthchleasaí blaiseadh a fháil den fhrithdhópáil den chéad uair.

Mar sin, tá Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann ag cur méid suntasach ama agus acmhainní isteach ina chlár oideachais ón tús.

Tar éis an Caighdeán Idirnáisiúnta nua le haghaidh an Oideachais a chur le Cód WADA sa bhliain 2021, tugadh sainordú do Spóirt Éireann íoschaighdeán a thabhairt isteach le haghaidh sholáthar an chláir oideachais atá ann cheana ag an eagraíocht. Toradh eile a bhí ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta nua sin a thabhairt isteach ba ea gur forbraíodh Plean Oideachais Frithdhópála Spóirt Éireann.

De réir Phlean Oideachais Frithdhópála Spóirt Éireann, ní mór do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a bpleananna oideachais frithdhópála féin a dhearadh agus a chur chun feidhme agus iad a chur faoi bhráid Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann lena n-athbhreithniú. Leanann an tAonad Frithdhópála le hobair i gcomhar le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus le tacaíocht a thabhairt dóibh chun a bpleananna oideachais frithdhópála a chur le chéile agus a chur chun feidhme. Tá sé mar chuspóir foriomlán leis an gclár oideachais meon an spóirt a chaomhnú agus cabhrú le timpeallacht spóirt ghlain a chothú in Éirinn.

Bhí Plean Oideachais Frithdhópála Spóirt Éireann don bhliain 2021 dírithe go príomha ar oideachas a chur ar lúthchleasaithe Fhoireann Éireann agus pearsana tacaíochta lúthchleasaithe a bheadh páirteach sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i dTóiceo.

BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2021



3,000+

AN LÍON
LÚTHCHLEASAITHE
AGUS PEARSAN
TACAÍOCHTA
LÚTHCHLEASAITHE
A BHAIN LEAS
AS AN ARDÁN
RÍOMHFHOGLAMA

57

AN LÍON
SEIMINEÁR AR
LÍNE NÓ
AGHAIDH AR
AGHAIDH
A
REÁCHTÁLADH

25,000

AN LÍON CÁRTAÍ
SPARÁIN
A DÁILEADH

1,850

AN LÍON
LÚTHCHLEASAITHE NÓ
PEARSAN TACAÍOCHTA
LÚTHCHLEASAITHE
A D'FHREASTAIL AR
SHEISIÚIN OIDEACHAIS
AR LÍNE NÓ AGHAIDH
AR AGHAIDH

Comhairle na hEorpa, an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)

Leanann Spórt Éireann le rannchuidiú le grúpa comhairleach Chomhairle na hEorpa um oideachas. D'fhreastail Spórt Éireann ar chúig chruinniú san iomlán de chuid an ghrúpa sin sa bhliain 2021. Bhí príomhchorp oibre na gcruinnithe sin dírithe ar chreat aontaithe a fhorbairt ar an dóigh a dtéann Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála i dteagmháil lena ngeallsealbhóirí, go háirithe Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, le linn oideachas frithdhópála a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

RESPECT-P


Ag teacht sna sála ar an Tionscadal Taighde RESPECT roimhe, tá Aonad Frithdhópála Spórt Éireann páirteach anois i dTionscadal Taighde Erasmus+ a bhfuil mar aidhm leis guth na lúthchleasaithe a théann san iomaíocht i bParaspóirt a ardú. Is é sprioc an ghrúpa sin smaointeoirí agus cleachtóirí comhaimseartha a thabhairt le chéile chun taighde Frithdhópála ar ardchaighdeán agus gníomhartha fianaisebhunaithe ar ardchaighdeán um dhópáil a chosc a chothú.

Sa bhliain 2021, mar chuid de cheann amháin de na pacáistí oibre atá ar áireamh sa staidéar, sheol taighdeoirí sé agallamh ar leith le pearsana tacaíochta lúthchleasaithe a oibríonn go díreach le para-lúthchleasaithe in Éirinn. Tá sé beartaithe fócasghrúpa lúthchleasaithe a réachtáil go luath sa bhliain 2022 mar chuid den phacáiste oibre eile atá ar áireamh sa staidéar. Déanfaidh taighdeoir ar lúthchleasaí seanchleachta é/í an fócasghrúpa sin a éascú.




An Clár Náisiúnta Tástála

AN LÍON IOMLÁN
TÁSTÁLACHA: 1,354



TÁSTÁLACHA LASMUIGH
DE CHOMÓRTAIS: 1,133



TÁSTÁLACHA LAISTIGH
DE CHOMÓRTAIS: 221



BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 2021

Bhailigh Spórt Éireann **1,354** cinn de shamplaí fola agus fuail sa bhliain 2021.

Ba ó **28** spórt dhifriúla a bailíodh na samplaí.

Bhí méadú **30%** ann ar an líon samplaí a bailíodh

Bhí samplaí laistigh de chomórtas freagrach as **16.4%** de na samplaí a bailíodh toisc gur cealaíodh roinnt comórtas de dheasca phaindéim COVID-19

Bhí samplaí lasmuigh de chomórtas freagrach as **83.6%** de na samplaí a bailíodh

Tháinig laghdú ó 7 gcinn sa bhliain 2020 go **5** cinn sa bhliain 2021 ar an líon cásanna inar theip ar an lúthchleasaí toisc nárbh eol cá háit a raibh sé/sí

Ba mhaith leis an Aonad Frithdhópála buíochas a ghabháil leis na lúthchleasaithe agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta uile atá sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála as ucht a gcúnaimh agus a gcomhair maidir le tástáil agus maidir le himeachtaí a athsceidealú.

COMHLACHT RIALAITHE NÁISIÚNTA	COMÓRTAS	LASMUIGH DE CHOMÓRTAS	FUIL	IOMLÁN
LÚTHCHLEASAÍOCHT ÉIREANN	35	86	81	202
BADMANTAN ÉIREANN	7	1	0	8
AN CUMANN CAMÓGAÍOCHTA	4	0	0	4
CANÚÁIL ÉIREANN	0	15	7	22
CRUICÉAD ÉIREANN	2	0	0	2
ROTHAÍOCHT ÉIREANN	19	102	100	221
CUMANN PEILE NA HÉIREANN	28	45	0	73
CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL	40	76	24	140
GALF ÉIREANN	4	0	0	4
GLEACAÍOCHT ÉIREANN	0	6	1	7
HACA ÉIREANN	0	15	0	15
EACHSPÓRT ÉIREANN	9	0	0	9
CUMANN DORNÁLAÍOCHTA LÚTHCHLEASA NA HÉIREANN	4	44	8	56
CUMANN JÚDÓ NA HÉIREANN	0	13	1	14
CUMANN RUGBAÍ NA HÉIREANN	4	102	57	163
CUMANN SEOLTÓIREACHTA NA HÉIREANN	0	17	1	18
CUMANN TAEKWONDO NA HÉIREANN	0	3	1	4
CUMANN TARRAINGT TÉIDE NA HÉIREANN	2	0	0	2
CUMANN CATHAOIREACHA ROTHÁÍ NA HÉIREANN - SPÓRT	0	3	1	4
CUMANN PHEIL NA MBAN	8	0	0	8
GLUAISROTHAÍOCHT ÉIREANN	2	0	0	2
CUMANN RÁSAÍOCHTA MÓTAIR NA HÉIREANN	21	0	0	21
CUMANN PARAILIMPEACH NA HÉIREANN	0	47	14	61
PEANTATLAN ÉIREANN	0	10	7	17
RÁMHAÍOCHT ÉIREANN	5	61	61	127
CUMANN SNÁMHA NA HÉIREANN	14	53	42	109
TRÍ-ATLAN ÉIREANN	9	14	14	37
TÓGÁIL MEÁCHAIN ÉIREANN	4	0	0	4
IOMLÁN	221	713	420	1354



COVID 19

Le linn na bliana 2021, lean Aonad Frithdhópála Spórt Éireann leis na bearta cosanta breise uainn a chur in iúl do lúthchleasaithe agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála. Bhí ríthábhacht ag baint leis an gcumarsáid sin maidir lena chinntiú go raibh siad ar an eolas faoi na bearta a bhí á ndéanamh againn, agus gur thuig siad na bearta a bhí á ndéanamh againn,

chun cloí leis na prótacail a bhí i bhfeidhm de réir na dtreoirínte ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) le linn dúinn tástáil Frithdhópála a dhéanamh.

Pearsana Bailiúcháin Samplaí

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis na Pearsana Bailiúcháin Samplaí as ardchaighdeán oibre a chothabháil le linn bliain an-ghnóthach an-dúshlánach.

An Clár 'Íocann an tÚsáideoir'

Tugann Spórt Éireann faoi thástáil faoin gClár 'Íocann an tÚsáideoir' freisin, áit a n-íocann eagraíochtaí spóirt as tástáil. Sa bhliain 2021, rinneadh 204 thástáil faoin gclár sin - 159 dtástáil fuail agus 45 thástáil fola. Mar chuid den Chlár 'Íocann an tÚsáideoir', bhailigh Spórt Éireann 72 shampla san iomlán thar ceann Chumann Lúthchleasaíochta na hEorpa roimh Chraobhchomórtais Reatha Trastíre na hEorpa agus lena linn, agus iad ar siúl in Éirinn.

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Comórtas	Lasmuigh de Chomórtas	Fuil	Iomlán
An tAonad Ionracais Lúthchleasaíochta	0	8	8	16
Lúthchleasaíocht Éireann	2	0	0	2
An Lárionad Ceanadach um Éitic sa Spórt	0	4	2	6
Cumann Lúthchleasaíochta na hEorpa	24	24	24	72
Fédération Equestre Internationale	5	2	0	7
Fédération Internationale de Hockey	0	2	0	2
Fédération Internationale de Natation	0	1	0	1
An Chónaidhm Idirnáisiúnta Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha	0	1	0	1
Cumann Rugbaí na hÉireann	20	0	0	20
Gníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe	0	3	0	3
Cumann Lúthchleasaíochta an Domhain	6	0	0	6
Cumann Rámhaíochta an Domhain	2	0	0	2
Cumann Rugbaí an Domhain	20	35	11	66
Iomlán	79	80	45	204

Teip toisc nárbh eol Cá hÁit a raibh siad: Iarrachtaí nár Éirigh leo i measc Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Spórt	Iarrachtaí nár Éirigh leo
Cumann Lúthchleas Gael	10
Sacar	4
Rugbaí	2
Haca	1
Iomlán	17

An líon Teipeanna ar Lúthchleasaithe sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála toisc nárbh eol Cá hÁit a raibh siad agus an líon Iarrachtaí nár Éirigh leo de réir na Ráithe

	Teipeanna Comhdúcháin	Tástálacha a Cailleadh	Iarrachtaí nár Éirigh leo
Ráithe 1	4	0	24
	Rothaíocht: 4		Lúthchleasaíocht Éireann: 5 Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann: 5 Canúáil Éireann: 2 Rothaíocht Éireann: 2 Cumann Parailimpeach na hÉireann: 2 Rámhaíocht Éireann: 6 Cumann Snámha na hÉireann: 1 Trí-atlan Éireann: 1
Ráithe 2	0	0	54
			Lúthchleasaíocht Éireann: 14 Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann: 8 Canúáil Éireann: 4 Rothaíocht Éireann: 5 Cumann Seoltóireachta na hÉireann: 9 Cumann Júdó na hÉireann: 1 Peantatlan Éireann: 1 Cumann Parailimpeach na hÉireann: 3 Rámhaíocht Éireann: 3 Cumann Snámha na hÉireann: 4 Trí-atlan Éireann: 2
Ráithe 3	0	1	12
		Lúthchleasaíocht: 1	Lúthchleasaíocht Éireann: 2 Rothaíocht Éireann: 5 Cumann Seoltóireachta na hÉireann: 1 Peantatlan Éireann: 1 Cumann Parailimpeach na hÉireann: 3
Ráithe 4	0	0	24
			Lúthchleasaíocht Éireann: 4 Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann: 2 Canúáil Éireann: 1 Cumann Seoltóireachta na hÉireann: 4 An Cumann Júdó: 4 Cumann Parailimpeach na hÉireann: 3 Rámhaíocht Éireann: 1 Cumann Snámha na hÉireann: 4 Trí-atlan: 1

Teip Comhdúcháin: Teip ar Lúthchleasaí Comhdú cruinn iomlán maidir le Cá hÁit a raibh sé/sí a dhéanamh, rud a úsáidtear chun an Lúthchleasaí a aimsiú le haghaidh Tástáil.

Tástáil a Cailleadh: Teip ar Lúthchleasaí é/i féin a chur ar fáil le haghaidh Tástáil sa láthair agus ag an am atá sonraithe laistigh den sliotán ama 60 nóiméad a cuireadh in iúl sa Chomhdú uaidh/uaithi maidir le Cá hÁit a raibh sé/sí.

Teip toisc nárbh eol Cá hÁit a raibh siad: Teip Comhdúcháin nó Tástáil a Cailleadh.

Iarracht nár Éirigh léi: Iarracht a dhéantar lasmuigh den láthair agus den am atá sonraithe sa sliotán ama 60 nóiméad a cuireadh in iúl sa Chomhdú uaidh/uaithi maidir le Cá hÁit a raibh sé/sí: I gcás go ndéantar iarracht lasmuigh den sliotán ama 60 nóiméad, taifeadtar í mar iarracht nár éirigh léi. Ní thaifeadtar í mar thástáil a cailleadh ná mar Theip toisc nárbh eol Cá hÁit a raibh sé/sí.



Cluichí Thóiceo 2020

Tástáil le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020

Ar mhaithe lenár spriocanna tástála a bhaint amach sa bhliain 2021, d'oibríomar go handlúth leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, le hEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála ó roinnt tíortha eile, le Cónaidhmeanna Idirnáisiúnta, leis an nGníomhaireacht Tástála Idirnáisiúnta agus le Tástálacha agus Bainistíocht Idirnáisiúnta Dópála (IDTM) chun lúthchleasaithe a thástáil go straitéiseach roimh na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

Ag gníomhú di thar ceann Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha, stiúir an Ghníomhaireacht Tástála Idirnáisiúnta clár neamhspleách frithdhópála le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Samhraidh Thóiceo 2020. Roimh na Cluichí, ba é Sainghrúpa Réamh-Chluichí na Gníomhaireachta Tástála Idirnáisiúnta le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020 a bhí freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis frithdhópála a bhí ar fáil faoi lúthchleasaithe ar dhóigh dóibh dul san iomaíocht sna Cluichí. Chuimsigh an Sainghrúpa sin speisialtóirí ó Chónaidhmeanna Idirnáisiúnta do spóirt foirne agus do spóirt aonair araon, agus Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Frithdhópála a rinne ionadaíocht do gach ceann de chúig ilchríoch an domhain. Rinne an grúpa measúnú riosca agus chomhroinn sé moltaí tástála le heagraíochtaí frithdhópála chun a chinntiú go gcuirfí tástáil éifeachtach i gcrích ar fud an domhain mar chuid d'iarracht chomhordaithe sa chéim thábhachtach roimh an imeacht. Thosaigh an grúpa a chuid oibre an bhliain roimhe cheana féin sular cuireadh Cluichí Thóiceo 2020 siar go dtí an bhliain 2021. Rinne an grúpa a chuid iarrachtaí a athchalabrú ina dhiaidh sin chun moltaí a eisiúint ar aon dul le measúnú riosca nuashonraithe agus le liostaí cáilíochta oiriúnaithe.

Oideachas le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020

Mar a dúradh cheana féin, bhí Plean Oideachais Frithdhópála Spóirt Éireann don bhliain 2021 dírithe go príomha ar sheisiúin oideachais a éascú do lúthchleasaithe agus pearsana tacaíochta lúthchleasaithe a cháiligh do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

Ghlac 270 duine de lúthchleasaithe agus pearsana tacaíochta lúthchleasaithe páirt i seisiúin oideachais aghaidh ar aghaidh agus iad ag ullmhú do na Cluichí Oilimpeacha. Ba é Spóirt Éireann, le cúnaimh ó Spóirt Thuaisceart Éireann, a sholáthair na seisiúin oideachais sin do spóirt a dtéitear san iomaíocht iontu ar leibhéal uile-oileáin. Sholáthair roinnt de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta seisiúin bhreise oideachais aghaidh ar aghaidh ar bhonn inmheánach freisin.

Bhí sé mar phríomhchuspóir leis na seisiúin oideachais sin faisnéis a sholáthar faoi Chód nua WADA, faoi na treoirlínte maidir le cógais a allmhairiú isteach sa tSeapáin, faoi na nósanna imeachta iarratais ar TUEanna roimh na Cluichí agus lena linn agus faoi na nósanna imeachta tástála roimh na Cluichí agus lena linn. Soláthraíodh sna seisiúin freisin treoir shoiléir maidir leis na tréimhsí tástála laistigh de chomórtas agus lasmuigh de chomórtas le linn na gCluichí féin.

Reáchtáil Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann ceardlanna oideachais aghaidh ar aghaidh den chineál céanna do dhaoine a bheadh ag freastal ar na Cluichí Parailimpeacha freisin. Cuireadh oideachas ar 52 dhuine san iomlán de lúthchleasaithe agus pearsana tacaíochta lúthchleasaithe trí na seisiúin sin.





Eolaíocht

Gné ríthábhachtach den chlár tástála is ea eolaíocht. Chun go mbeidh sí éifeachtach, is bunriachtanas é go mbailíonn an tAonad Frithdhópála na samplaí ag an am ceart i sceideal traenála agus comórtais an lúthchleasaí. Baineann an tAonad Frithdhópála úsáid as roinnt uirlisí chun a chinntiú go gcuirtear clár éifeachtach tástála chun feidhme:

Plean Dáileacháin Tástálacha

Is é is Plean Dáileacháin Tástálacha ann ná leithdháileadh roinnt tástálacha in aghaidh an spóirt. Cuirtear i gcrích é ar bhonn bliantúil. Tá dhá ghné i gceist leis an bPlean Dáileacháin Tástálacha:

a) Anailís Riosca: Déantar anailís riosca ar gach spórt agus ar na disciplíní laistigh de na spóirt. Áirítear na nithe seo leis na critéir a úsáidtear le linn na hanailíse riosca: éilimh fhisiciúla an spóirt/an disciplín sin; na héifeachtaí féideartha breisithe feidhmíochta a d'fhéadfadh teacht as an dópáil; an luach saothair/na dreasachtaí atá ar fáil; stair na dópála sa spórt sin; taighde ar threochtaí dópála; an fhaisnéis arna fáil; na torthaí ar Phleananna Dáileacháin Tástála roimhe.

b) Leithdháileadh: Leithdháilfear roinnt tástálacha ar gach spórt, bunaithe ar an anailís riosca a rinneadh ar an spórt agus ar an líon lúthchleasaithe atá sa ghrúpa cláraithe le haghaidh tástála i ngach spórt.

Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí

Is cuid den Phas Bitheolaíoch Lúthchleasaí iad na samplaí uile a mbailíonn an tAonad Frithdhópála iad. Tá dhá ghné i gceist leis an bPas Bitheolaíoch Lúthchleasaí – modúl haemaiteolaíoch (fola) agus modúl stéaróideach (fuail). Is próifíl chomhréireach í sin ar roinnt samplaí arna mbailiú ó lúthchleasaithe aonair. Is féidir léi éifeachtaí na dópála a nochtadh go hindíreach, in ionad dópáil a bhrath go díreach.

Samplaí Fola Pas Bhitheolaíoch Lúthchleasaí a bailíodh de réir an Spóirt sa bhliain 2021

Spórt	An Líon Samplaí (Fola) Pas Bhitheolaíoch Lúthchleasaí a bailíodh
Lúthchleasaíocht	78
Dornálaíocht	5
Canúáil	6
Rothaíocht	62
Nuachóimhlint Chúig Mhír	7
Lúthchleasaíocht Pharailimpeach	9
Rothaíocht Pharailimpeach	38
Rámhaíocht	60
Seoltóireacht	1
Snámh	39
Trí-atlan	14
Iomlán	319



An tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí

Is é an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí ann ná aonad tiomnaithe atá freagrach as na samplaí bitheolaíocha lúthchleasaí agus na pasanna bitheolaíocha lúthchleasaí uile a athbhreithniú ar bhealach tráthúil agus as iad a bhainistiú. Ní mór an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí a bheith á óstáil ag saotharlann atá creidiúnaithe ag WADA. I láthair na huaire, tá Spórt Éireann ag úsáid Aonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí an Réigiúin Nordaigh, a n-óstálann Saotharlann Osló é, le haghaidh pasanna fola. Tá sé ag úsáid Shaotharlann Köln le haghaidh pasanna stéaróideacha a bhainistiú. Tugann an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí comhairle agus tacaíocht don Aonad Frithdhópála maidir le conas an Pas Bitheolaíoch Lúthchleasaí a bhainistiú. Déanann an tAonad Bainistíochta Pasanna Lúthchleasaí measúnú agus eisiúint ar mholtaí maidir le bailíocht samplaí, le tástáil leantach agus spriochtástáil, le hanailís bhreise agus le hathbhreithnithe saineolaithe a chomhordú. Chomh maith leis sin, tugann sé comhairle maidir le tosaíochtaí agus straitéisí a bhfuil mar aidhm leo éifeachtúlacht an chlár Pasanna Bitheolaíocha Lúthchleasaí a bharrfheabhsú.

Doiciméad Teicniúil WADA le haghaidh Anailís atá Sonrach don Spórt (TDSSA)

Sa doiciméad seo ó WADA, tugtar breac-chuntas ar an íosleibhéal anailíse a dhéanfar i dtaca le hOibreáin Spreagthacha Eiritreapóisine (ESAnna), Hormón Fáis (GH) agus Fachtóirí Scaoilte GH (GHRFanna) le haghaidh spórt agus disciplíní. Déantar na hanailísí sin de bhreis ar an ngnáthanailís a dhéantar ar gach sampla. Tá an doiciméad bunaithe ar chur chuige eolaíoch lena gceanglaítear na héilimh fhiseolaíocha agus neamhfhiseolaíocha a bhaineann le feidhmíocht lúthchleasaí leis na buntáistí eirgigineacha a ghabhann leis na substaintí coiscthe sin.

Stóráil Fhadtéarmach agus Athanailís

Cuireann an tAonad Frithdhópála Straitéis Coinneála agus Athanailíse Samplaí chun feidhme. Ceadaítear le Cód WADA samplaí a stóráil ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a mhéad agus cumasaítear leis anailís chúlghabhálach a dhéanamh inar féidir leas a bhaint as an dul chun cinn teicniúil ar mhodhanna brathadóireachta agus tuilleadh faisnéise a fhorbairt ar na samplaí sin. Mar thoradh ar an dul chun cinn atá déanta ar mhodhanna anailíseacha le blianta beaga anuas, agus ar na Doiciméid Theicniúla nua atá tugtha isteach ag WADA, tá deis ag Spórt Éireann anailís chúlghabhálach a dhéanamh ar shamplaí stóráilte roghnaithe chun a dhéanamh amach an gcuimsítear iontu nó nach gcuimsítear iontu substaintí nach raibh inbhraite ar dtús tráth an bhailithe.

Samplaí a Cuireadh isteach i Stóráil Fhadtéarmach

Cineál Sampla	An líon a cuireadh leis sa bhliain 2021
Fual	264
Fuil	3
Iomlán	267

Sa bhliain 2021, bhí díriú méadaithe ann ar shamplaí a stóráil ó lúthchleasaithe a bhí ar an mbóthar ceart i dtreo cáiliú do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha. Tá sé sin freagrach as an méadú suntasach a tháinig ar an líon samplaí a bhí á stóráil i gcomparáid le blianta roimhe nár bhlianta Cluichí Oilimpeacha iad.



Cógais agus TUEнна

Is é Eirpharm.com an Suíomh Gréasáin Cógaisíochta Éireannach a forbraíodh sa bhliain 2000 mar bhunachar sonraí ar líne ar féidir leis na daoine sin atá faoi réir tástáil drugaí é a úsáid chun stádas a gcógas atá ar oideas agus nach bhfuil ar oideas de réir Liosta Substaintí Coiscthe reatha WADA a sheiceáil. Athraítear an bunachar sonraí chun dáta go rialta de réir mar a chuirtear cógais nua ar an margadh, de réir mar a scoirtear de chógais agus de réir mar a dhéantar athruithe ar Liosta Substaintí Coiscthe WADA. Tugtar Treoir nuashonraithe d'Oideasóirí ar shuíomh Gréasáin Eirpharm gach bliain. Tugtar ar an suíomh freisin achoimre ar na hathruithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oideasóirí de bharr athruithe ar liosta WADA don bhliain sin.

Sa bhliain 2001, rinne Spórt Éireann an bunachar sonraí a fhorghníú mar fhoinse chruinn ar líne le haghaidh faisnéis frithdhópála. Tháinig borradh faoin mbunachar sonraí ó shin i leith agus tá breis agus 3,600 cógais a mhargaítear in Éirinn, idir chinn ar oideas agus chinn nach bhfuil ar oideas, ar áireamh ann anois. Is féidir le húsáideoirí suímh an bunachar sonraí a chuardach de réir ainm cógais nó de réir tinnis, rud a chumasáíonn dóibh táirgí sonracha a sheiceáil agus amharc ar roghanna cuí dá riocht bunaithe ar an tinneas a roghnaíodh.

1,083

AN LÍON CÓGAS DIFRIÚIL A CUARDAÍODH DE NA 3,686 CHÓGAS A BHÍ LIOSTAITHE AR AN MBUNACHAR SONRAÍ SA BHLIAIN 2021

11,821

AN LÍON CUARDACH AR THÁIRGÍ A AIMSÍODH SA BHUNACHAR SONRAÍ SA BHLIAIN 2021



Tábla 1: Na táirgí aonair ba mhó cuardach

Rang 2021 (Rang 2020)	Ainm an Táirge	An líon uaireanta a cuardaíodh é an líon do 2021 i gcló trom, (an líon do 2020 idir lúibíní)	Cén táirge atá ann?	Stádas dlí
1 (12)	Táibléid Slaghdáin agus Fliú Nurofen	416 (90)	Táirge slaghdáin agus fliú atá bunaithe ar iobúpróifein	Cógaslann amháin
2 (6)	Táibléid Nurofen Plus	307 (135)	Táirge frith-athlastach atá bunaithe ar iobúpróifein	Cógaslann amháin
3 (3)	Lemsip Max Cold and Flu	229 (245)	Paraicéiteamól le haghaidh tuaslagán ó bhéal chun na siomptóim a bhaineann le slaghdáin nó le fliú a mhaolú	Ar Díol leis an bPobal
4 (40)	Ventolin Evohaler	225 (42)	Béite-2-agónaí gearrghníomhach (salbútamól) a úsáidtear chun broncaifhreacha in asma agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach a chóireáil	Oideas
5 (-)	Vaxzevria, Vacsaín COVID-19 AstraZeneca, fuaidreán lena instealladh	202 (-)	Vacsaín COVID-19	Oideas

(-) Ní raibh an táirge seo ar fáil sa bhliain 2020

Tábla 2: Na raonta táirgí míochaine ba mhó cuardach: Ar oideas agus gan a bheith ar oideas

Táirgí nach bhfuil ar Oideas (mar % den líon iomlán cuardach rathúil)						
Branda	An cineál táirgí sa raon	2021	2020	2019	2018	2017
	Iomlán	11821	9026	25780	25049	47555
Nurofen	Raon táirgí frith-athlastacha agus slaghdáin agus fliú atá bunaithe ar iobúpróifein	13.1	7.8	14.9	7.8	6.7
Lemsip	Raon táirgí atá bunaithe ar pharaicéiteamól chun na siomptóim a bhaineann le slaghdáin, fliú agus casachtaí a mhaolú	8.7	8.2	6.6	9.8	10.5
Panadol	Raon táirgí atá bunaithe ar pharaicéiteamól chun pian a mhaolú agus chun na siomptóim a bhaineann le slaghdáin agus fliú a mhaolú	4.3	2.8	^	^	^
Zirtek	Raon cóireálacha le haghaidh riníteas agus urtacáire ailléirgeach	2.4	^	^	^	^
Táirgí atá ar Oideas (mar % den líon iomlán cuardach rathúil)						
Branda	Aicme theiripeach	2021	2020	2019	2018	2017
Ventolin	Béite-2-agónaí, táirgí a ionanálaítear go príomha	2.8	3.2	2.5	3.6	2.4


^ Ní raibh an céatadán mór go leor lena chur ar áireamh i dtuarascáil bhliantúil na bliana sin. Chun faisnéis fhorlíontach a fháil faoi chuardaigh Eirpharm le linn na bliana 2021, féach Aguisín 4 thíos

Díolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUEanna)

Le Díolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUE), ceadaítear do lúthchleasaí úsáid a bhaint as substaint choiscthe nó modh coiscthe a chuirtear ar áireamh ar Liosta Substaintí Coiscthe WADA, faoi réir coinníollacha sainithe áirithe a chomhlíonadh.

Féadfaidh lúthchleasaithe iarratas a dhéanamh ar TUE chuig Spórt Éireann nó, i gcás Lúthchleasaí ar Leibhéal Idirnáisiúnta, chuig an gCónaidhm Idirnáisiúnta. Chun go ndeonófaí ceadú le haghaidh TUE, ní mór don lúthchleasaí riocht sláinte a bhfuil bunús maith leis a bheith air/uirthi agus sonraí ábhartha iontaofa leighis a bheith aige/aici mar thacaíocht.

De na hiarratais bhailí a rinneadh chuig Spórt Éireann ar TUE sa bhliain 2021 (15 cinn), cheadaigh an Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach 11 cheann tar éis dó comhad leighis cothrom le dáta a fháil. Bhí ceithre iarratas ina n-iarratais neamhiomlána fós ag deireadh na bliana 2021 mar gheall ar na cineálacha TUE sin a bheith rangaithe mar chinn atá oiriúnach d'iarratais iarthástála ar TUE, áit nach gá do lúthchleasaithe áirithe TUE a fháil roimh ré faoi Rialacha Frithdhópála na hÉireann. Ina theannta sin, cheadaigh an Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach iarratas iarthástála amháin ar TUE tar éis comhad leighis bailí a fháil.



Fíor 1: An líon iarratas ar TUEanna a ceadaíodh sa bhliain 2021 de réir an Spóirt

Ar an iomlán, ba lú an líon iarratas ar TUEanna a ceadaíodh sa bhliain 2021 (11 cheann) ná an líon a ceadaíodh sa bhliain 2020 (18 gcinn). Ceadaíodh iarratais ar TUEanna i gcás seacht spóirt sa bhliain 2021. Ceadaíodh iarratas amháin ar TUE i gcás trí cinn de na spóirt sin sa bhliain 2021, síos ó 4 cinn sa bhliain 2020 agus ó 11 cheann sa bhliain 2019. Ceadaíodh dhá iarratas an ceann i gcás ceithre cinn de na spóirt sin.



Oibríochtaí an Aonaid Frithdhópála

Oibríonn an tAonad Frithdhópála ar roinnt tionscadal a bhaineann le bainistiú, forbairt agus cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta Frithdhópála. Mar thoradh ar na tionscadail sin, cinntítear go mbíonn Clár Frithdhópála éifeachtach éifeachtúil i bhfeidhm ag Spórt Éireann agus go mbíonn nós imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm dár ngeallsealbhóirí.

Laethanta Oiliúna do Phearsana Bailiúcháin Samplaí

Cuireadh an oiliúint bhliantúil do Phearsana Bailiúcháin Samplaí ar siúl ar líne i mí na Samhna 2021, agus 39 bpearsa creidiúnaithe anois don bhliain 2022. Féachfaidh an tAonad Frithdhópála le pearsana nua bailiúcháin samplaí a earcú sa bhliain 2022 ar mhaithe leis an líon pearsan creidiúnaithe atá ar fáil a mhéadú.

Iniúchadh ISO agus Iniúchadh Inmheánach

Rinneadh an t-iniúchadh bliantúil ar Dheimhniú ISO an Aonaid Frithdhópála Déardaoin an 21 Deireadh Fómhair 2021. Níor taifeadadh aon fhionnachtana, agus coinneofar Deimhniú ISO an Aonaid Frithdhópála i bhfeidhm go mí na Samhna 2022 anois.

Rinneadh an t-iniúchadh inmheánach ar an Aonad Frithdhópála Dé hAoine an 26 Samhain 2021. Thángthas ar thrí mhionfhionnachtana lena linn. Ar bhonn fhionnachtana an iniúchta inmheánaigh, tháinig KOSI ar an gconclúid gur féidir dearbhú sármhaith a leagan ar an dóigh a mbainistítear an tAonad Frithdhópála go himmheánach i Spórt Éireann.





Faisnéis agus Imscrúduithe

Le linn na bliana 2021, ghlac Rannóg Faisnéise agus Imscrúduithe Frithdhópála Spórt Éireann páirt i bpainéal saineolaithe ar roghnaigh WADA é agus a rinne forbairt ar threoirlínte le haghaidh Faisnéise agus Imscrúduithe, ar Thuairisceoir Róil le haghaidh Cleachtóirí Faisnéise agus Imscrúduithe, agus ar chúrsa oiliúna d'Oifigigh Faisnéise agus Imscrúduithe agus do Bhainisteoirí Faisnéise agus Imscrúduithe. Rinne Spórt Éireann, Eagraíocht Frithdhópála na hIorua agus Aonaid Faisnéise agus Imscrúduithe WADA an cúrsa oiliúna a sholáthar d'oiliúnaithe ó Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála na hEorpa thar thréimhse deich seachtaine.

Leanann Aonad Frithdhópála Spórt Éireann le páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóram comhroinnt faisnéise. Cuimsíonn an fóram náisiúnta sin ionadaithe ó eagraíochtaí spóirt ar ina leith a theastaíonn feidhm Frithdhópála (e.g., Eachspórt Éireann). Cuimsíonn sé an Roinn Talmhaíochta agus an tSaotharlann Stáit freisin. Is iad príomhfheidhmeanna an ghrúpa sin ná treochnaí a bhíonn ag teacht chun cinn laistigh den phobal frithdhópála a phlé agus faisnéis ábhartha a chomhroinnt ar fud na gcomhpháirtithe uile.

Oibrítear feidhm um Dhópáil a Thuairisciú ar shuíomh Gréasáin Frithdhópála Spórt Éireann chun faisnéis a bhailiú faoi dhópáil sa spórt. Measúnaítear na tuairiscí uile agus imscrúdaítear iad ina dhiaidh sin, más gá.

Leanann Spórt Éireann le dul i dteagmháil le príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon, go háirithe iad sin atá ainmnithe san Acht um Spórt Éireann, 2015. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar shocruithe chun comhaontuithe comhroinnt sonraí a thabhairt i gcrích agus a athrú chun dáta.

Déantar ionadaíocht do Rannóg Faisnéise agus Imscrúduithe Spórt Éireann ar Líonra Faisnéise agus Imscrúduithe Frithdhópála (ADIIN) na Gníomhaireachta Domhanda um Fhrithdhópáil. Tá ADIIN ina líonra tábhachtach domhanda ag ar féidir modhanna dea-chleachtais ó thaobh faisnéise agus imscrúduithe de a chomhroinnt. Níl ADIIN ar oscailt ach amháin do ghníomhaireachtaí creidiúnaithe faisnéise agus imscrúduithe.

Aguisíní



Aguisín 1: Sáruihte ar Rialacha Frithdhópála

2021

Spórt	Cineál Tástála	Riail a sáraíodh	Substaint	Catagóir substainte	Smachtbhannaí
Rásaíocht Mótair	Laistigh de Chomórtas	2.1	Beansóileacgainín	S6. Spreagthaigh	3 mhí

2.1 Substaint Choiscthe nó a cuid Meitibilítí nó Marcóirí a bheith i láthair i sampla an Lúthchleasaí

Aguisín 2: Costais an Chláir

Ceannteideal Caiteachais	2020	2021
Tástáil (1)	839,873	1,015,691
Oideachas agus Taighde (2)	51,311	69,919
Tuarastail (3)	323,528	365,067
Costais Eile (4)	689,670	405,474
Iomlán	1,904,382	1,856,151
Ioncam ó Erasmus	10,040	5,313
Ioncam ó Thástáil	59,569	80,861

1. Áirítear leis an costas a bhaineann le samplaí a bhailiú, iompar, conarthaí anailíse saotharlainne, costais aon aid mhóibíligh agus an clár tástála inmheánaí.
2. Áirítear leis costais dhíreacha oideachais agus taighde a bhaineann leis an gclár
3. Costais olltuarastail, lena n-áirítear ÁSPC ón bhFostóir don seisear ball foirne den Aonad Frithdhópála.
4. Áirítear leis comhairle dlí a bhaineann leis an gclár, táillí comhairleachta, taisteal agus cothú, fógraíocht, priontáil, árachas agus costais ghaolmhara eile le linn an clár a riar.

Aguisín 3: Cruinnithe Idirnáisiúnta Ar Líne agus Seimineáir Ghréasáin

2021	Cruinnithe agus Seimineáir Ghréasáin
22 Eanáir	Cumrú ADAMS agus Oiliúint
8 Feabhra	Comhairle na hEorpa – Grúpa um Oideachas Frithdhópála
9 Feabhra	Comhairliúcháin fhíorúla UNESCO a bhí dírithe ar chóras ADLogic
12 Feabhra	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
25 Feabhra	WADA - An tEolas is Deireanaí ar Phaindéim COVID-19 agus ar an Spórt Glan don bhliain 2021
12 Márta	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
30 Márta	Seimineár Gréasáin WADA – An Dóigh ar Féidir le Lúthchleasaithe Rannchuidiú leis an Spórt Glan
9 Aibreán	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
12 Aibreán	Comhairle na hEorpa – Grúpa um Oideachas Frithdhópála
13 Aibreán	Grúpa Eolaíochta na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála
16 Aibreán	Comhthionól Ginearálta Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála
20 Aibreán	Clár Inniúlachta Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála
20 Aibreán	Cruinniú le Coiste Feidhmiúcháin WADA
22 Aibreán	Siompóisiam Fíorúil WADA maidir le TUEnna
10-11 Bealtaine	Cruinniú an Choiste Eorpaigh ad hoc don Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil
12 Bealtaine	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
18-19 Bealtaine	Siompóisiam Idirnáisiúnta maidir le Rialachas Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála
27 Bealtaine	Glaó Comhdhála idir Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála agus WADA: Fionnachtana Ghrúpa Oibre WADA um Rialachas, dul chun cinn ar chur chun feidhme Chód na bliana 2021, agus dúshláin a bhaineann le paindéim Covid-19
1 Meitheamh	Grúpa Eolaíochta na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála
3 Meitheamh	Grúpa MIDAS
7 Meitheamh	Comhairle na hEorpa – Grúpa um Oideachas Frithdhópála
10-11 Meitheamh	Comhairle na hEorpa - Grúpa Faireacháin um an gCoinbhinsiún Frithdhópála
11 Meitheamh	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
1 Iúil	Coinbhinsiún Frithdhópála Chomhairle na hEorpa – Grúpa Comhairleach um Eolaíocht
2 Iúil	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
4 Lúnasa	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
25 Lúnasa	Díospóireacht Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála maidir le hlniúchtaí agus Tuarascálacha maidir le Gníomh Ceartaitheach ó WADA
2 Meán Fómhair	Cruinniú Shainghrúpa Tástála na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála
6-7 Meán Fómhair	Cruinniú an Choiste Eorpaigh ad hoc don Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil
17 Meán Fómhair	Comhairle na hEorpa – Grúpa um Oideachas Frithdhópála

17 Meán Fómhair	Comhairle na hEorpa – Grúpa um Oideachas Frithdhópála
24 Meán Fómhair	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
28 Meán Fómhair	Comórtas na Gníomhaireachta Tástála Idirnáisiúnta. Caimiléireacht sa spórt: mí-ionramháil comórtais agus dópáil a chosc
30 Meán Fómhair	Seimineár Gréasáin Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála: An Stór Oideachais sa Spórt Glan (Tionscadal IMPACT de chuid Erasmus+)
1-4 Deireadh Fómhair	Siompóisiam Ghníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe (USADA) maidir le hEolaíocht Frithdhópála dar teideal “Sineirgí idir Eolaíocht Frithdhópála agus Imscrúduithe Frithdhópála chun lúthchleasaithe glana agus an spórt glan a chosaint”
19 Deireadh Fómhair	Seimineár Gréasáin Institiúid na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála: Nuálaíocht brú Berlinger Special AG agus BD i réimse an Bhailiúcháin Fola, a mhéid a bhaineann leis an Rialachán nua maidir le Feistí Leighis
22 Deireadh Fómhair	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
3 Samhain	Tástáil Frithdhópála sa bhliain 2021: Na Cluichí Oilimpeacha, na Cluichí Parailimpeacha, paidéim COVID-19, agus athruithe tástála amach anseo
8 Samhain	Comhairle na hEorpa – Grúpa um Oideachas Frithdhópála
19 Samhain	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
25 Samhain	Tástáil Spotaí Fola Triomaithe a Chur Chun Feidhme
13-14 Nollaig	Comhairle na hEorpa - Grúpa Faireacháin um an gCoinbhinsiún Frithdhópála
15 Nollaig	An Líonra Faisnéise agus Imscrúduithe Frithdhópála
17 Nollaig	Cruinniú Ghrúpa Taighde RESPECT-P
21 Nollaig	Cumrú PASS (bunachar sonraí Frithdhópála na Gníomhaireachta Tástála Idirnáisiúnta) agus oiliúint

Aguisín 4: Cuardaigh Eirpharm – Faisnéis Fhorlíontach

An Toradh ar Chuardaigh Rathúla: Stádas cógas sa spórt


Stádas na dTáirgí a Cuardaíodh	Iomlán 2021	2021 (%)	2020 (%)	2019 (%)	2018 (%)	2017 (%)
Ceadaithe	9428	79.76	81.4	87.35	80.28	78.42
Coiscthe	191	1.62	3.27	2.24	3.19	3.27
Coiscthe Laistigh de Chomórtas Amháin	1451	12.27	8.95	7.60	10.58	12.08
Coiscthe Laistigh de Chomórtas nó Spleách ar Bhealach Ceadaithe	28	0.24	0.16	0.14	0.22	0.37
Coiscthe i spóirt ar leith	18	0.15	0.34	0.11	0.18	0.32
Coiscthe i gcás fear amháin	11	0.09	0.07	0.02	0.10	0.15
Srianta - Salbútamól Ionanáilaithe	369	3.12	4.43	1.89	3.90	3.97
Srianta - Formótaról Ionanáilaithe	108	0.91	1.04	0.39	0.98	0.90
Srianta - Salmeterol Ionanáilaithe	191	1.62	0.37	0.25	0.55	0.54
Srianta - Vilanterol Ionanáilaithe	26	0.22	-	-	-	-

Cuardaigh de réir an ama sa bhliain

% den iomlán bliantúil	2021	2020	2019	2018	2017
Ean.	3.4	18.0	7.5	17.2	9.6**
Feab.	3.6	15.8	8	9	8.9
Márta	8.0	8.9	10	13.1	8.4
Aib.	10.2	6.2	9.6	9.4	7.8
Beal.	10.0	5.2	9.8	9	9.6
Meith.	17.1	6.0	10.8	8.4	9.6
Iúil	11.5	5.8	9.7	8.3	11.6
Lún.	9.6	6.2	8.8	8	10.8
MF	8.5	6.2	8.7	5.5	12.1
DF	6.2	7.5	7.6	3.7	4.1
Samh.	6.6	7.2	4.2	3.8	3.4
Noll.	5.4	6.9	5.2	4.6	4.3

**Cé go ndearnadh cuardaigh i mí Eanáir 2017, níor logáladh iad mar gheall ar earráid a rinneadh agus an freastalaí á chumrú. Mar sin, is ionann an figiúr do mhí Eanáir 2017 agus an figiúr do mhí Eanáir 2016.

Cuardaigh rathúla in aghaidh na míosa





SPÓRT
ÉIREANN
FRITHDHÓPÁIL

SPORT
IRELAND
ANTI-DOPING

Spórt Éireann

An Clós Cúirte, Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir
D15 PN0N, Éire

Fón: +353-1-860 8800

Ríomhphost: antidoping@sportireland.ie

www.sportireland.ie/Anti-Doping